II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/1415 ÓN gCOIMISIÚN

an 5 Bealtaine 2021

lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/2402 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála maidir leis an gcomhar, an malartú faisnéise agus na hoibleagáidí maidir le fógra a thabhairt idir na húdaráis inniúla agus ÚEUM, ÚBE agus ÚEAPC

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/2402 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 lena leagtar síos creat ginearálta maidir le hurrúsú agus lena gcruthaítear creat sonrach maidir le hurrúsú simplí trédhearcach caighdeánaithe, agus lena leasaítear Treoir 2009/65/CE, Treoir 2009/138/CE agus Treoir 2011/61/AE, agus Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ([1]), agus go háirithe an tríú fomhír d'Airteagal 36(8) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 36 de Rialachán (AE) 2017/2402, ceanglaítear ar na húdaráis inniúla dá dtagraítear in Airteagal 29 de Rialachán (AE) 2017/2402 (na húdaráis inniúla) agus ar na trí Údarás Maoirseachta Eorpach (ÚMEnna), eadhon an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ÚEUM), an tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) agus an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEAPC), oibriú i ndlúthchomhar lena chéile agus faisnéis a mhalartú chun a gcuid dualgas faoi Airteagail 30 agus 34 den Rialachán sin a chomhlíonadh. Chomh maith leis sin, ceanglaítear ar na húdaráis inniúla a chinneann go ndearna eintiteas ceanglais áirithe den Rialachán sin a shárú nó go bhféadfadh sárú a bheith déanta acu fógra a thabhairt maidir lena gcuid torthaí d'údaráis inniúil an eintitis, agus, i gcás ina mbaineann an sárú le fógra mícheart nó míthreorach de bhun Airteagal 27(1) den Rialachán sin, fógra a thabhairt d'údarás inniúil an eintitis atá ainmnithe mar an chéad phointe teagmhála chun ÚMEnna a chur ar an eolas dá réir sin.

(2) Ba cheart raon feidhme agus cineál an chomhair, an mhalartaithe faisnéise agus na bhfógraí a cheanglaítear a dhéanamh faoi Airteagal 36 de Rialachán (AE) 2017/2402 a bheith leordhóthanach chun gur féidir leis na húdaráis inniúla agus ÚMEnna a gcuid dualgas maoirseachta, imscrúdaithe agus smachtbhannaí a chomhlíonadh ar bhealach éifeachtach. Chuige sin, leagtar amach sa Rialachán seo an t-íosmhéid faisnéise ba cheart do na húdaráis inniúla agus ÚMEnna a mhalartú, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, tuarascálacha ar a ngníomhaíochtaí maoirseachta agus forfheidhmithe.

(3) Faoi réir an dlí náisiúnta agus dhlí an Aontais lena rialaítear an chosaint a thugtar maidir le rúndacht na faisnéise agus maidir leis an bpróiseáil a dhéantar ar shonraí pearsanta, ní mór do na húdaráis inniúla agus ÚMEnna a bheith in ann comhoibriú lena chéile agus faisnéis a mhalartú le linn phróiseas iomlán a ngníomhaíochtaí.

(4) Chun a áirithiú go ndéanfar an comhar agus an malartú faisnéise faoi Airteagal 36(1) de Rialachán (AE) 2017/2402 ar bhealach éifeachtúil tráthúil, is iomchuí nósanna imeachta coiteanna agus foirmeacha coiteanna a bhunú lena n-úsáid chun comhar nó faisnéis a iarraidh agus chun freagra a thabhairt ar na hiarrataí sin.

(5) Ba cheart do na húdaráis inniúla agus do ÚMEnna nós imeachta coiteann agus foirm a úsáid chun faisnéis a tharchur ar bhonn deonach nuair a mheasann siad go bhféadfadh an fhaisnéis atá ina seilbh a bheith áisiúil d'údarás inniúil nó ÚME eile. Mar shampla, d'fhéadfaí a áireamh leis sin faisnéis atá i seilbh údaráis inniúil infheisteora institiúidigh nó tríú páirtí atá údaraithe lena mheas an gcomhlíonann urrúsú na ceanglais shimplí, thrédhearcacha agus chaighdeánaithe (STS), i gcás ina bhféadfadh an fhaisnéis sin a bheith áisiúil d'údarás inniúil an tionscnóra, an urraitheora, an eintitis shainchuspóirigh urrúsúcháin nó an iasachtóra bunaidh.

([1]) IO L 347, 28.12.2017, lch. 35.

(6) Ba cheart an nós imeachta coiteann agus an fhoirm choiteann a úsáidtear le haghaidh malartuithe deonacha faisnéise a úsáid freisin chun fógra a thabhairt gur aimsíodh sárú nó sárú amhrasta faoi Airteagal 36(4) agus Airteagal 36(5) de Rialachán (AE) 2017/2402. Déantar sin d'fhonn a áirithiú go ndéanfar na dualgais i ndáil le fógra a thabhairt maidir le sárú faoin Airteagal sin ar bhealach rianúil agus tráthúil.

(7) Ba cheart ceangal a bheith ar na húdaráis inniúla agus ar ÚMEnna rúndacht a áirithiú maidir le haon iarraidh ar chomhar nó ar fhaisnéis, maidir le haon fhaisnéis a mhalartaítear nó a dtugtar fógra fúithi, agus maidir le haon fhógra a tugadh, agus a áirithiú go gcomhlíonfar na rialacha maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin.

(8) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin ag ÚEUM.

(9) Ní dhearna ÚEUM comhairliúcháin phoiblí oscailte maidir leis na dréachtchaighdeáin rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, ná ní dhearna sé anailís ar na costais fhéideartha agus na sochair fhéideartha, mar go mbeadh sé sin thar a bheith díréireach i dtaca le raon feidhme agus tionchar na gcaighdeán sin, ós rud é go mbaineann siad go príomha leis na húdaráis inniúla agus ÚMEnna.

(10) D'iarr ÚEUM tuairim ón nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]),

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Pointí teagmhála

1. Déanfaidh gach ceann de na húdaráis inniúla dá dtagraítear in Airteagal 29 de Rialachán (AE) 2017/2402 ("na húdaráis inniúla") agus ÚMEnna pointe teagmhála a ainmniú chun oibriú i gcomhar, faisnéis a mhalartú agus fógraí a thabhairt de bhun Airteagal 36 de Rialachán (AE) 2017/2402.

2. Déanfaidh na húdaráis inniúla, ÚBE agus ÚEÁPC sonraí na bpointí teagmhála atá ainmnithe acu a chur in iúl do ÚEUM faoin 19 Deireadh Fómhair 2021. Coinneoidh siad ÚEUM ar an eolas faoi aon athrú ar na sonraí sin.

3. Déanfaidh ÚEUM liosta cothrom le dáta de na pointí teagmhála uile a ainmnítear faoin Airteagal seo a choinneáil ar bun agus tabharfaidh sé an liosta sin cothrom le dáta, de réir mar is gá, lena úsáid ag na húdaráis inniúla, ag ÚBE agus ag ÚEÁPC.

4. Úsáidfidh na húdaráis inniúla agus ÚMEnna an liosta is déanaí dá dtagraítear i mír 3 chun na gcríoch a luaitear i mír 1.

Airteagal 2

Modhanna cumarsáide

1. Ach amháin i gcás ina sonraítear a mhalairt sa Rialachán seo, tarchuirfear aon fhoirm atá le húsáid i scríbhinn tríd an bpost, trí fhacs nó le modhanna leictreonacha.

2. Chun na modhanna cumarsáide is oiriúnaí a chinneadh in aon chás ar leith, tabharfar aird chuí ar na breithnithe rúndachta, ar an tréimhse ama is gá chun comhfhreagras a dhéanamh, ar an méid ábhair atá le cur in iúl agus ar éascaíocht rochtana ar an bhfaisnéis.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

Airteagal 3

Faisnéis atá le malartú

Ar iarraidh arna déanamh de bhun Airteagal 4, déanfaidh na húdaráis inniúla agus ÚMEnna an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad a mhalartú de bhun Airteagal 36(1) de Rialachán (AE) 2017/2402:

(a) faisnéis faoi na socruithe, na próisis agus na sásraí dá dtagraítear in Airteagal 30(2) den Rialachán sin;

(b) faisnéis faoi na beartais agus na nósanna imeachta bainistithe riosca dá dtagraítear in Airteagal 30(3) den Rialachán sin;

(c) faisnéis faoin tionchar sonrach agus na rioscaí ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 30(4) den Rialachán sin;

(d) faisnéis, agus, a mhéid a bheidh siad ar fáil, tuarascálacha nó sleachta tuarascálacha maidir le haon imscrúdú nó imeachtaí a tionscnaíodh i ndáil leis na cásanna a liostaítear in Airteagal 32(1) den Rialachán sin;

(e) faisnéis, agus, a mhéid a bheidh siad ar fáil, tuarascálacha nó sleachta tuarascálacha maidir le haon smachtbhanna coiriúil, smachtbhanna riaracháin nó beart feabhais a fhorchuirtear agus a dhéantar de bhun Airteagail 32 nó 34 den Rialachán sin.

Airteagal 4

Iarrataí ar chomhar nó ar mhalartú faisnéise

1. Déanfar iarrataí ar chomhar nó ar mhalartú faisnéise faoi Airteagal 36(1) de Rialachán (AE) 2017/2402 trí úsáid a bhaint as an bhfoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

2. I gcás ina gcreideann an páirtí iarrthach go bhfuil gá leis an iarraidh a fhorghníomhú mar phráinn, féadfar an fógra a thabhairt ó bhéal ar choinníoll go ndéanfar iarraidh a tharchur ina dhiaidh sin gan moill mhíchuí trí úsáid a bhaint as an bhfoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

3. Déanfaidh an páirtí iarrthach an tréimhse ama inmhianaithe le haghaidh freagra a thabhairt a shonrú agus i gcás inarb iomchuí, práinn na hiarrata a chur in iúl.

4. I gcás ina bhfuil iarraidh ar fhaisnéis i gceist leis an iarraidh ar chomhar, déanfaidh an páirtí iarrthach na nithe seo a leanas:

(a) sonraí na faisnéise a lorgaítear a shonrú, a mhéid is féidir, lena n-áirítear na cúiseanna lena mheastar an fhaisnéis sin a bheith ábhartha chun críocha chomhlíonadh a gcuid dualgas faoi Airteagail 30 go 34 de Rialachán (AE) 2017/2402;

(b) i gcás inarb iomchuí, aon saincheist a bhaineann le rúndacht na faisnéise atá á lorg a shainaithint, lena n-áirítear aon réamhchúram speisialta maidir leis an bhfaisnéis sin a bhailiú.

Airteagal 5

Freagra ar iarrataí ar chomhar nó ar mhalartú faisnéise

1. Ar an iarraidh a dhéantar de bhun Airteagal 4 a fháil dó, má tá aon soiléiriú ar an iarraidh ag teastáil ón bpáirtí is faighteoir, iarrfaidh sé an soiléiriú sin ón bpáirtí iarrthach a luaithe agus is féidir trí úsáid a bhaint as aon mhodh is iomchuí, bíodh sin ó bhéal nó i scríbhinn. Soláthróidh an páirtí iarrthach an soiléiriú go pras.

2. Agus é ag freagairt d'iarraidh a dhéanfar de bhun Airteagal 4, déanfaidh faighteoir na hiarrata:

(a) an fhoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo a úsáid;

(b) bearta réasúnacha a ghlacadh de réir a chumhachtaí chun an comhar agus an fhaisnéis a iarrtar a sholáthar;

(c) an iarraidh a fhorghníomhú ar bhealach a éascaíonn aon ghníomh rialála is gá a ghlacadh ar bhonn tráthúil, ag cur san áireamh castacht na hiarrata agus an gá atá ann go mbeadh údarás inniúil eile nó ÚME rannpháirteach.

Airteagal 6

Malartú faisnéise gan iarraidh

1. I gcás ina soláthróidh údaráis inniúla nó ÚMEnna faisnéis gan iarraidh, úsáidfidh siad an fhoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo.

2. I gcás ina gcreideann páirtí an tseolta gur cheart an fhaisnéis gan iarraidh a tharchur mar phráinn, féadfar an fhaisnéis a chur in iúl ó bhéal ar choinníoll go ndéanfar í a tharchur ina dhiaidh sin gan moill mhíchuí trí úsáid a bhaint as an bhfoirm in Iarscríbhinn III.

Airteagal 7

Oibleagáidí i dtaobh fógra a thabhairt

1. Tabharfar fógraí faoi Airteagal 36(4) agus Airteagal 36(5) de Rialachán (AE) 2017/2402 trí úsáid a bhaint as an bhfoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo.

2. I gcás ina gcreideann an páirtí a thugann an fógra go bhfuil gá leis an bhfaisnéis gan iarraidh a tharchur mar phráinn, féadfar an fógra a thabhairt ó bhéal ar choinníoll go ndéanfar fógra a tharchur ina dhiaidh sin gan moill mhíchuí trí úsáid a bhaint as an bhfoirm in Iarscríbhinn III.

3. Déanfaidh an t-údarás inniúil a thugann fógra gnéithe fíorasacha, cineál, ábharthacht agus fad tréimhse an tsáraithe a aimsíodh nó an tsáraithe amhrasta a shonrú agus soláthróidh sé aon fhaisnéis ábhartha eile a d'fhéadfadh a bheith ina cúnamh don údarás inniúil dá dtabharfar fógra.

Airteagal 8

Rúndacht agus úsáid cheadaithe na faisnéise

1. Coinneoidh na húdaráis inniúla agus ÚMEnna faoi rún, i gcomhréir leis na gníomhartha dlí lena ndeonaítear na cumhachtaí atá le húsáid chun críocha chomhlíonadh a gcuid dualgas faoi Rialachán (AE) 2017/2402, gurb ann d'aon iarraidh ar chomhar nó ar fhaisnéis dá bhforáiltear faoi Airteagal 36 den Rialachán sin agus ábhar na hiarrata sin, gurb ann d'aon fhreagra ar iarraidh den sórt sin agus ábhar an fhreagra sin, agus gurb ann d'aon fhógra nó faisnéis eile a sholáthraítear faoin Airteagal sin agus ábhar an fhógra nó na faisnéise sin.

2. Déanfaidh na húdaráis inniúla agus ÚMEnna, i gcomhréir leis na gníomhartha dlí dá dtagraítear i mír 1, an fhaisnéis a sholáthraítear dóibh de bhun Airteagal 36 de Rialachán (AE) 2017/2402 a úsáid chun a gcuid dualgas a dhéanamh faoin Rialachán sin, agus chun na gcríoch sin amháin.

Airteagal 9

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 5 Bealtaine 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Foirm iarrata ar chomhar agus ar mhalartú faisnéise

Iarraidh ar chomhar agus ar mhalartú faisnéise

Uimhir thagartha: ……...

Dáta: ……

Faisnéis ghinearálta

Ó:

Ballstát (más infheidhme):

Údarás inniúil:

Cuir tic leis an mbosca (nó na boscaí) cuí

— Maoirseoir an tionscnóra ☐

— Maoirseoir an urraitheora ☐

— Maoirseoir an iasachtóra bunaidh ☐

— Maoirseoir an eintitis shainchuspóirigh urrúscháin ☐

— Eile (sonraigh) ☐

— ÚEUM ☐

— ÚBE ☐

— ÚEÁPC ☐

Seoladh: (cuir isteach an seoladh)

(*Cuir isteach sonraí teagmhála an phointe teagmhála a ainmnítear faoi Airteagal 1 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1415 ón gCoimisiún* [1]*, chun déileáil leis an iarraidh seo*)

Ainm:

Teileafón:

Ríomhphost:

CHUIG:

Ballstát (más infheidhme):

Údarás inniúil:

Ag feidhmiú ina cháil mar:

[1] RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/1415 ÓN gCOIMISIÚN an 5 Bealtaine 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/2402 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála i ndáil leis an gcomhar, an malartú faisnéise agus na hoibleagáidí fógra a thabhairt idir údaráis inniúla agus ÚEUM, ÚBE agus ÚEÁPC (IO L 304 I, 30.8.2021, lch. 1.).

Cuir tic leis an mbosca (nó na boscaí) cuí

— Maoirseoir an tionscnóra ☐
— Maoirseoir an urraitheora ☐
— Maoirseoir an iasachtóra bunaidh ☐
— Maoirseoir SSPE ☐
— Eile (sonraigh) ☐
— ÚEUM ☐
— ÚBE ☐
— ÚEÁPC ☐

Seoladh: (cuir isteach an seoladh)

(*Cuir isteach sonraí teagmhála an phointe teagmhála a ainmnítear faoi Airteagal 1 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1415 ón gCoimisiún, chun déileáil leis an iarraidh seo*)

Ainm:

Teileafón

Ríomhphost:

A (cuir isteach an t-ainm cuí), a chara,

I gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1415 ón gCoimisiún, tá do chomhar á lorg i ndáil leis an ábhar/na hábhair a leagtar amach go mionsonraithe thíos.

(Bheinn buíoch as an gcomhar thuas a sholáthar faoin) (*Cuir isteach dáta le haghaidh an fhreagra)* NÓ (I bhfianaise a phráinní atá an cás/na cásanna, bheinn buíoch díot as an gcomhar thuas a sholáthar faoin) (*Cuir isteach dáta le haghaidh an fhreagra*) nó, mura bhfuil sé sin indéanta, as léiriú a thabhairt maidir leis an uair a mheasann tú a bheidh tú in ann an comhar atá á lorg a sholáthar.

Cúiseanna atá leis an iarraidh

……
……
……

(*Cuir isteach foráil nó forálacha Rialachán (AE) 2017/2402 faoina bhfuil an t-údarás inniúil iarrthach, ÚEUM, ÚBE nó ÚEÁPC inniúil chun déileáil leis an ábhar*)

Baineann an iarraidh seo le comhar maidir le
……
……
……
……
……
……

(*Cuir isteach tuairisc ar ábhar na hiarrata, an cuspóir lena lorgaítear an iarraidh ar chomhar, faisnéis chomhthéacsúil faoin iarraidh agus an míniú ar a hábharthacht i ndáil le comhlíonadh dhualgais an údaráis inniúil faoi Airteagail 30 agus 34 de Rialachán (AE) 2017/2402 agus, i gcás inarb infheidhme, míniú ar chumhachtaí agus cúraimí ÚEUM, ÚBE agus ÚEÁPC faoin Rialachán sin*)

Maidir leis an méid seo a leanas

……..
……
……
……

(*Más infheidhme, cuir isteach sonraí na hiarrata nó na n-iarrataí roimhe sin ar chomhar maidir leis an ábhar céanna, lena n-áirítear an uimhir thagartha nó na huimhreacha tagartha, chun gur féidir í nó iad a shainaithint*)

Malartú faisnéise (más infheidhme)

……
……
……
……

(Soláthair miontuairisc ar na bhfaisnéis shonrach atá á lorg.)

Tabhair do d'aire an méid seo a leanas:

ISIN: ……

Aitheantóir urrúsúcháin: ……

Cód LEI: ……

Aitheantóir fógra STS arna sholáthar ag ÚEUM……

(*Má bhaineann an iarraidh le faisnéis a bhaineann le tionscnóir/tionscnóirí, urraitheoir/urraitheoirí, iasachtóir/iasachtóirí bunaidh nó le SSPE/SSPEnna, líon isteach an fhaisnéis thuas, de réir mar is ábhartha.*)

Rúndacht

……
……
……
……

(*Má bhíonn breithnithe speisialta ann maidir le rúndacht na faisnéise atá á lorg, tabhair léiriú ar leibhéal rúndachta na faisnéise atá san iarraidh agus ar aon réamhchúram nach mór a ghlacadh agus an fhaisnéis á bailiú.*)

Faisnéis bhreise (más infheidhme)

……
……
……
……

(*Tabhair aon fhaisnéis bhreise, más ann di.*)

Mise le meas,

(*Ainm agus síniú*)

IARSCRÍBHINN II

Foirm chun freagra a thabhairt ar iarraidh ar chomhar agus ar mhalartú faisnéise

Freagra ar iarraidh ar chomhar nó ar mhalartú faisnéise

Uimhir thagartha: ……...

Dáta: ……..…...…….……

Faisnéis ghinearálta

Ó:

Ballstát (más infheidhme):

Údarás inniúil:

Ag feidhmiú ina cháil mar:

Cuir tic leis an mbosca (nó na boscaí) cuí

— Maoirseoir an tionscnóra ☐

— Maoirseoir an urraitheora ☐

— Maoirseoir an iasachtóra bunaidh ☐

— Maoirseoir SSPE ☐

— Eile (sonraigh) ☐

— ÚEUM ☐

— ÚBE ☐

— ÚEÁPC ☐

Seoladh: (cuir isteach an seoladh)

(*Cuir isteach sonraí teagmhála an phointe teagmhála a ainmnítear faoi Airteagal 1 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1415 ón gCoimisiún, chun déileáil leis an iarraidh seo*)

Ainm:

Teileafón:

Ríomhphost

CHUIG:

Ballstát (más infheidhme):

Údarás inniúil:

Ag feidhmiú ina cháil mar:

Cuir tic leis an mbosca (nó na boscaí) cuí

— Maoirseoir an tionscnóra ☐
— Maoirseoir an urraitheora ☐
— Maoirseoir an iasachtóra bunaidh ☐
— Maoirseoir SSPE ☐
— Eile (sonraigh) ☐
— ÚEUM ☐
— ÚBE ☐
— ÚEÁPC ☐

Seoladh: (cuir isteach an seoladh)

(Cuir isteach sonraí teagmhála an phointe teagmhála ainmnithe faoi Airteagal 1 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1415 ón gCoimisiún, chun déileáil leis an iarraidh seo)

Ainm:

Teileafón:

Ríomhphost:

A (*Cuir isteach an t-ainm cuí*), a chara,

I gcomhréir le hAirteagal 5 de *Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1415 ón gCoimisiún,* tá d'iarraidh dar dáta (*ll.mm.bbbb*) lena mbaineann an uimhir thagartha (*cuir isteach uimhir thagartha na hiarrata*) próiseáilte againn.

Faisnéis a bailíodh

……
……
……

(*Más féidir an comhar atá á iarraidh a sholáthar, lena n-áirítear más é iarraidh ar fhaisnéis atá i gceist leis an gcomhar atá á iarraidh, leag amach na sonraí ábhartha uile nó tabhair míniú ar an gcaoi a soláthrófar an comhar.)*

Tá an fhaisnéis a sholáthraítear rúnda agus nochtar do (*cuir isteach ainm an údarás inniúil iarrthaigh, ÚEUM, ÚBE nó ÚEÁPC*) agus ar an mbonn go bhfanfaidh an fhaisnéis faoi rún i gcomhréir le hAirteagal 8 de *Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1415 ón gCoimisiún*.

Déanfaidh (*Cuir isteach ainm an údaráis inniúil iarrthaigh, ÚEUM, ÚBE nó ÚEÁPC*) ceanglais Airteagal 8 de *Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1415 ón gCoimisiún* a urramú.

……
……
……

(*Cuir isteach aon rabhadh rúndachta riachtanach eile nó aon srian riachtanach ar úsáidí ceadaithe na faisnéise i gcomhréir le dlí an Aontais.*)

……
……
……

(*I gcás inarb ábhartha, mínigh aon soiléiriú a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uait maidir leis an gcomhar nó leis an bhfaisnéis a iarrtar.*)

Faisnéis bhreise (más infheidhme)

(*Soláthair, as do stuaim féin, aon fhaisnéis riachtanach a d'fhéadfadh cuidiú tuilleadh leis an gcomhar chun críocha na hiarrata.)*

……
……
……

Mise le meas,

(*Ainm agus síniú*)

IARSCRÍBHINN III

Foirm chun faisnéis gan iarraidh a sholáthar agus fógra a thabhairt maidir le sárú nó sáruithe nó maidir le sárú nó sáruithe amhrasta

Faisnéis gan iarraidh a sholáthar nó fógra a thabhairt maidir le sárú nó sáruithe nó maidir le sárú nó sáruithe amhrasta

Uimhir thagartha: ……...

Dáta: ……

Faisnéis ghinearálta

Ó:

Ballstát (más infheidhme):

Údarás inniúil:

Ag feidhmiú ina cháil mar:

Cuir tic leis an mbosca (nó na boscaí) cuí:

— Maoirseoir an tionscnóra ☐

— Maoirseoir an urraitheora ☐

— Maoirseoir an iasachtóra bunaidh ☐

— Maoirseoir SSPE ☐

— Eile (sonraigh) ☐

— ÚEUM ☐

— ÚBE ☐

— ÚEÁPC ☐

Seoladh: (cuir isteach an seoladh)

(*Cuir isteach sonraí teagmhála an phointe teagmhála a ainmnítear i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1415 ón gCoimisiún, chun déileáil leis an iarraidh seo*)

Ainm:

Teileafón:

Ríomhphost:

CHUIG:

Ballstát:

Údarás inniúil:

Ag feidhmiú ina cháil mar:

Cuir tic leis an mbosca (nó na boscaí) cuí

1. Maoirseoir an tionscnóra ☐

2. Maoirseoir an urraitheora ☐

3. Maoirseoir an iasachtóra bunaidh ☐
4. Maoirseoir SSPE ☐
5. Eile (sonraigh) ☐
6. ÚEUM ☐
7. ÚBE ☐
8. ÚEÁPC ☐

Seoladh: (cuir isteach an seoladh)

(*Cuir isteach sonraí teagmhála an phointe teagmhála a ainmnítear i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1415 ón gCoimisiún, chun déileáil leis an iarraidh seo*)

Ainm:

Teileafón:

Ríomhphost:

ÁBHAR:

— Faisnéis gan iarraidh de bhun Airteagal 6 de *Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1415 ón gCoimisiún*

☐

— Fógra de bhun Airteagal 36(4) de Rialachán (AE) 2017/2402

☐

— Fógra chuig údarás inniúil de bhun Airteagal 36(5) de Rialachán (AE) 2017/2402

☐

— Fógra chuig ÚEUM, ÚBE agus ÚEÁPC de bhun Airteagal 36(5) de Rialachán (AE) 2017/2402

☐

A (*Cuir isteach an t-ainm cuí*), a chara,

I gcomhréir le hAirteagal nó le hAirteagail (*cuir isteach na hAirteagail ábhartha de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1415 ón gCoimisiún*, i gceangal leis seo tá an fhaisnéis a bhaineann leis an ábhar nó leis na hábhair a leagtar amach go mionsonraithe thíos.

ISIN: ……...

Aitheantóir urrúsúcháin: ……

Cód LEI: ……...

Aitheantóir fógra STS arna sholáthar ag ÚEUM……

(*Má bhaineann an fhaisnéis le tionscnóir/tionscnóirí, urraitheoir/urraitheoirí, iasachtóir/iasachtóirí bunaidh, SSPE/SSPEnna nó eile, líon isteach an fhaisnéis thuas, de réir mar is ábhartha.*)

Cúiseanna atá le faisnéis gan iarraidh a sholáthar nó fógra a thabhairt maidir le sárú nó sáruithe nó maidir le sárú nó sáruithe amhrasta

Tá sé d'aidhm aige
seo……
……
……
……
……

(*Cuir isteach tuairisc ar ábhar na faisnéise atá á tarchur nó ábhar an tsáraithe nó na sáruithe a bhfuil fógra á thabhairt ina leith, lena n-áirítear cineál, ábharthacht agus fad tréimhse an tsáraithe a aimsíodh nó an tsáraithe amhrasta agus soláthair aon fhaisnéis ábhartha eile a d'fhéadfadh a bheith ina cúnamh don údarás inniúil ar tugadh fógra dó*)

Maidir leis an méid seo a leanas
……
……
……
……

(*Más infheidhme, cuir isteach sonraí na faisnéis a soláthraíodh roimhe nó an fógra nó na fógraí a tugadh faoin ábhar céanna*)

Mise le meas,

(*Ainm agus síniú*)